



**General Certificate of Secondary Education
2022**

Irish

Unit 1: Listening

Higher Tier

[GIH12]

FRIDAY 20 MAY, MORNING

TRANSCRIPT

Audio 'beep' to precede each question

Questions 1 – 12 insert 7 and 12 second pauses

You will now be allowed 5 minutes to read through the paper, before the first question starts.

Pause 5 minutes

The five minute reading period has now finished and the examination will now begin. Please open your paper at question 1.

Read each question carefully. Complete your answer by listening to the recording and follow the instructions given in the question paper. You will hear each section twice.

1 An teaghlach

Tá Sophie ag cur síos ar a teaghlach.

- F* (a) Tá ceathrar i mo theaghlach – mo mhamaí, mo dhaidí, mo dheartháir agus mé féin. Tá madadh beag bán agam.

Pause 7 seconds and repeat

- F* (b) Tá mo sheanmháthair ina cónaí in aice linn. Bíonn mo thuismitheoirí ag obair gach Satharn agus gach Domhnach agus caithim an dá lá léi.

Pause 7 seconds and repeat

- F* (c) Is maith le mo sheanmháthair cócaireacht a dhéanamh sa teach agus cuidím léi.

Pause 7 seconds and repeat

- F* (d) Uaireanta cuireann mo sheanmháthair síos ar an tsaol a bhí aici nuair a bhí sí óg. Is maith liom a cuid scéalta a chloisteáil.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

2 Oíche Aoine

Ní bheidh cairde Liam ag dul amach oíche Dé hAoine. Cad chuige?

M (a) Liam anseo. An mbeidh tú ag dul amach oíche Dé hAoine, a Aoife?

F Ní bheidh mé. Níl mé go maith. Tá casacht orm.

Pause 7 seconds and repeat

M (b) Liam anseo. An mbeidh tú ag dul amach oíche Dé hAoine, a Niall?

M Ní bheidh mé. Beidh cluiche peile agam maidin Dé Sathairn agus beidh cleachtadh againn oíche Dé hAoine.

Pause 7 seconds and repeat

M (c) Liam anseo. An mbeidh tú ag dul amach oíche Dé hAoine, a Leona?

F Ba mhaith liom dul amach leat ach níl go leor airgid agam.

Pause 7 seconds and repeat

M (d) Liam anseo. An mbeidh tú ag dul amach oíche Dé hAoine, a Chiaráin?

M Ní bheidh mé. Cuirfidh mé tús leis an obair atá le déanamh agam do na scrúduithe.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

3 Féilte

Cluineann tú fógra raidió a chuireann síos ar fhéile áitiúil.

- F* (a) Mar chuid d'fhéile na bliana seo beidh cuid mhór imeachtaí éagsúla ar fáil do gach duine. Dé Luain, beidh siúlóid sa cheantar.

Pause 7 seconds and repeat

- F* (b) Dé Máirt beidh tráth na gceist againn. Ceisteanna as Gaeilge.

Pause 7 seconds and repeat

- F* (c) An maith leat ficheall? Beidh comórtas fichille ar siúl Dé Céadaoin.

Pause 7 seconds and repeat

- F* (d) Déardaoin, beidh céilí na féile i halla an bhaile. Tosóidh an damhsa ar a naoi.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

4 An timpeallacht áitiúil

Tá Nóirín ag cur síos ar a ceantar.

M (a) A Nóirín, an maith leat do cheantar nua?

F Is maith. Tá an ceantar iontach ciúin. Rud eile fosta, ní fheiceann tú bruscar ina luí thart faoin áit.

Pause 7 seconds and repeat

M (b) An bhfuil aithne agat ar na daoine eile atá ina gcónaí sa bhaile?

F Tá. Tá na daoine uilig cairdiúil.

M Cén sórt tí atá agat?

F Tá teach mór agam. Níl rudaí daor san áit seo.

Pause 7 seconds and repeat

M (c) Cad é a dhéanann tú mar chaitheamh aimsire?

F Téim chuig an phictiúrlann go minic agus tá mé i mo bhall den chlub léitheoireachta sa bhaile.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

5 Social issues

Aodhán and Síle talk about a robbery.

- M* (a) A Shíle, tharla robáil armtha sa tsiopa inné nuair a bhí mise ag obair ar an scipéad.

Pause 7 seconds and repeat

- F* (b) An bhfaca tú an gadaí?

M Chonaic, cinnte. Chonaic mé fear mór ard agus bhí féasóg air. Bhí gunna ina lámh aige.

Pause 7 seconds and repeat

- M* (c) Caithfidh mé dul chuig stáisiún na ngardaí inniu.

F Cén stáisiún?

M An stáisiún atá suite in oirthear na cathrach.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

6 In a restaurant

You hear a man ordering a meal.

F (a) Ar mhaith leat cúrsa tosaigh?

M Ba mhaith.

F Anraith nó beacáin le gairleog?

M Na beacáin, le do thoil.

Pause 7 seconds and repeat

F (b) Agus don phríomhchúrsa? Tá sicín, griscíní agus bia mara againn.

M Ba mhaith liom an bia mara le do thoil.

Pause 7 seconds and repeat

F (c) Anois rud ar bith le hól?

M Ólfaidh mé fíon – fíon dearg, le do thoil.

Pause 7 seconds and repeat

M (d) Tá an ghloine seo salach. An dtig leat gloine eile a fháil dom?

F Gheobhaidh mé ceann eile duit anois.

Pause 7 seconds and repeat

F (e) Is féidir leat milseog a ordú i ndiaidh do dhinnéar a ithe.

M Ithim an mhilseog chéanna i gcónaí. Ithim torthaí úra.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

7 Part-time jobs

Four friends talk about their part-time work.

M (a) A Aoife, an bhfuil post páirtaimseartha agat?

F Fuair mé post sa tsiopa poitigéara agus is maith an rud é mar caithim a lán airgid ar smideadh.

Pause 7 seconds and repeat

F (b) A Mháirtín, an bhfuil post páirtaimseartha agat?

M Bím ag obair don chlub peile. Tógaim an bruscar i ndiaidh gach cluiche. Faighim deich bpunt san uair agus ceannaím irisleabhair spóirt leis an airgead.

Pause 7 seconds and repeat

M (c) A Nóirín, an bhfuil post páirtaimseartha agat?

F Tá post agam i siopa bláthanna. Cheannaigh mé cumhrán leis an airgead a shaothraigh mé an tseachtain seo caite.

Pause 7 seconds and repeat

F (d) A Chaoimhín, an bhfuil post páirtaimseartha agat?

M Bím ag obair i gcaifé beag gach Satharn. Ním na sóithí. Tá an pá go maith. Is maith liom an t-airgead a chur i dtaisce.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

8 Health

Pádraig talks about an accident.

F (a) A Phádraig, chuala mé go raibh tú san ospidéal.

M Chuaigh mé chuig an rinc oighir le mo chara, Joe. Téann Joe ag scátáil gach Satharn agus tá sé iontach maith ach bhí mise go holc. Thit mé ar an oighear agus thosaigh Joe ag gáire.

F Cad é a tharla?

M Nuair a chonaic Joe nach raibh mé ábalta éirí tháinig inní air. Dúirt sé go raibh sé buartha agus ghabh sé a leithscéal liom.

Pause 7 seconds and repeat

F (b) Cad é a tharla san ospidéal?

M Bhí an áit lán go doras agus bhí na dochtúirí uilig gnóthach. Dúirt an bhanaltra go raibh mo sciathán briste. Bhí orm fanacht thar oíche agus maidin lá arna mhárach chuaigh mé faoi scian.

F Cad é mar atá tú anois?

M Tá pian i mo sciathán go fóill ach rud níos measa arís níl cead agam spórt a imirt go deireadh na bliana.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

9 A night out

Máire and Liam talk about a night out.

M (a) A Mháire, ar chuala tú nach mbeidh an dráma ar siúl sa halla anocht? Tá sé curtha ar ceal.

F Níor chuala mé sin.

Pause 7 seconds and repeat

M (b) An bhfuil díomá ort?

F Tá díomá orm.

M Tuigim ach is féidir linn rud eile a dhéanamh.

F Maith go leor. Cad é a mholann tú?

Pause 7 seconds and repeat

M (c) Ar mhaith leat dul chuig taispeántas faisin san iarsmalann?

F Ba mhaith. Chuaigh mé chuig taispeántas eile san iarsmalann anuraidh agus bhí sé ar dóigh.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

10 Voluntary work

Seán talks about going to do voluntary work in Africa.

F (a) Cad é atá tú ag dul a dhéanamh sa tsamhradh, a Sheáin?

M Tá mé ag dul ar thuras go dtí an Afraic leis an scoil le hobair dheonach a dhéanamh. Caithfidh mé mí san Afraic.

Pause 7 seconds and repeat

F (b) Tá sé sin go hiontach.

M Tá a lán daoine gan dídean san Afraic agus beidh muid ag dul amach chucu le cuidiú leis an fhadhb.

Pause 7 seconds and repeat

F (c) Maith thú.

M Caithfidh gach duine atá ag dul ar an turas cúig chéad euro a bhailiú do na daoine san Afraic roimh dhul. D'eagraigh mo mháthair aonach cístí leis an airgead a thógáil dom.

Pause 7 seconds and repeat

F (d) Beidh Róisín ag dul ar an turas chéanna. Bhí maidin chaife aici sa teach le hairgead a thógáil.

M Chuala mé sin.

Pause 7 seconds and repeat

F (e) Caithfidh mé bualadh leat nuair a thiocfaidh tú ar ais. Ba mhaith liom gach rud a chloisteáil faoin turas. Tá gach seans go ndéanfaidh mise obair dheonach ar an bhliain seo chugainn.

M Bheadh sé sin go maith. Creidim go bhfuil freagracht ar gach duine cuidiú le daoine eile.

F Aontaím leat, a Sheáin.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

11 A trip

Líosa talks about a football trip to London.

M (a) Cad é mar a bhí an deireadh seachtaine i Londain, a Líosa?

F Millteanach ar fad. Bhí fadhbanna againn ó thús go deireadh. Ar an bhealach chuig an aerfort bhí bonn pollta againn agus chaill muid an eitilt. Bhí orainn ticéid eile a cheannach don chéad eitilt eile.

Pause 7 seconds and repeat

M (b) Ní chreidim é.

F Agus nuair a bhain muid aerfort Londan amach ní raibh an bagáiste le feiceáil áit ar bith. Bhí orainn dul ar aghaidh chuig an óstán gan é.

Pause 7 seconds and repeat

M (c) Cad é mar a bhí an t-óstán?

F Óstán cúig réalta a bhí ann ach ní raibh sé rómhaith. Bhí sé callánach agus nuair a chuaigh mé a luí níor chodail mé.

Pause 7 seconds and repeat

M (d) Cad é mar a bhí an cluiche ar an tSatharn?

F Bhí an t-atmaisféar ar fheabhas ach níor bhain muid ar an drochuair. Bhí an fhoireann eile róláidir dúinn ar an lá.

M Léigh mé an tuairisc a scríobh an réiteoir i ndiaidh an chluiche. Bhí an scéal céanna aige.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

12 New technology

Lára and Joe talk about using new technology.

F (a) Inniu Lá na Meán Sóisialta. Ba mhaith liom an lá a cheiliúradh arís i mbliana.

M Níor chuala mé trácht riamh ar Lá na Meán Sóisialta.

Pause 7 seconds and repeat

F (b) Ceiliúránn an domhan mór Lá na Meán Sóisialta i mí an Mheithimh gach bliain.

Pause 7 seconds and repeat

M (c) Cad é an chiall a bhaineann leis an lá?

F Ceiliúránn an lá cumarsáid ar líne idir daoine ar fud an domhain. Ba chóir dúinn an Ghaeilge a chur chun cinn ar líne.

Pause 7 seconds and repeat

M (d) An bhfuil úsáid na Gaeilge ar líne ag fás i do bharúil féin?

F Tá, cinnte. Creidim féin go bhfuil úsáid na Gaeilge ar líne ag dul ó neart go neart gach bliain.

M Is rud maith é sin.

Pause 7 seconds and repeat

F (e) Ba chóir do Ghaeilgeoirí gach áit páirt a ghlacadh sa lá.

M Aontaím leat. Cad é a dhéanfaidh tú féin?

F Bhuel, anuraidh d'athraigh mé mo phróifíl phearsanta go Gaeilge ach, i mbliana, leanfaidh mé daoine eile a úsáideann an Ghaeilge ar líne.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

This is the end of the recording.